=

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12164/26**
**ADD 1**

**DENLEG 82**
**FOOD 110**
**SAN 612**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 22 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D114902/02 annexes |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid curdlain |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D114902/02 annexes.

---

Faoi iamh.: D114902/02 annexes

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2946 ANNEX
[POOL/E2/2025/2946/2946 EN
ANNEX.docx] D114902/02
[…](2026) XXX draft

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid curdlain**

GA GA

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) i gCuid B, pointe 3 'Breiseáin seachas dathanna agus milseoirí', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an mbreiseán bia E 423, Guma arabach arna mhodhnú le haigéad sucanach ocht-einile:

'

| | |
|---|---|
| E 424 | Curdlan |

';

(2) leasaítear Cuid E mar a leanas:

(a) i gcatagóir 01.7.5 (Cáis phróiseáilte), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 40 000 | | |

';

(b) i gcatagóir 02.2.2 (Eibleachtaí eile saille agus ola lena n-áirítear leatháin mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 agus eibleachtaí leachtacha), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 405, Ailgionáit phrópán-1,2-dé-óil:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | |

';

(c) i gcatagóir 03. (Oighear inite), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 405, Ailgionáit phrópán-1,2-dé-óil:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

';

(d) i gcatagóir 04.2.1 (Torthaí agus glasraí triomaithe), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) roimh an iontráil a bhaineann le E 907, Pola-1-deicéin hidriginithe:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | ní fhéadfar é a úsáid chun bianna díhiodráitithe a |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | ath-hiodráiteofar ar ionghabháil a tháirgeadh |

';

(e) I gcatagóir 04.2.2 (Torthaí agus glasraí i bhfínéagar, ola nó sáile), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) roimh an iontráil a bhaineann le E 579, Glúcónáit fheiriúil:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | |

';

(f) i gcatagóir 04.2.3 (Torthaí agus glasraí stánaithe nó buidéalaithe), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 415, Guma xantáin:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | castáin i leacht, agus é sin amháin |

';

(g) i gcatagóir 04.2.4.1 (Ullmhóidí torthaí agus glasraí gan compóit a áireamh), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 405, Ailgionáit phrópán-1,2-dé-óil:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | |

';

(h) i gcatagóir 04.2.5.3 (Leatháin chomhchosúla torthaí nó glasraí eile), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 418, Guma geileáin:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 10 000 | (32) | |

';

(i) i gcatagóir 04.2.5.4 (Imeanna cnó agus leatháin cnó), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | |

';

(j) i gcatagóir 04.2.6 (Táirgí prátaí próiseáilte), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | |

’;

(k) i gcatagóir 05.1 (Táirgí cócó agus seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 422, Gliocról:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin |

’;

(l) i gcatagóir 05.2 (Milseogra eile lena n-áirítear micrimhilseáin le haghaidh chumhrú na hanála), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 405, Ailgionáit phrópán-1,2-dé-óil:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 50 000 | | ní fhéadfar iad a úsáid i mionchupaí glóthaí, a shainmhínítear, chun críoch an Rialacháin seo, mar mhilseogra glóthaí de raimhre measartha crua, atá i mionchupaí leathdhochta nó i mionchaidhpeanna, a bhfuil sé beartaithe í a ionghabháil in aon ghreim amháin trí bhrú a chur ar na mionchupaí nó ar na mionchaidhpeanna chun an milseogra a threorú isteach sa bhéal; ní fhéadfar é a úsáid chun bianna díhiodráitithe a ath-hiodráiteofar ar |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | ionghabháil a tháirgeadh |

’;

(m) i gcatagóir 05.3 (Guma coganta), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 416, Guma karaya:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 10 000 | | |

’;

(n) i gcatagóir 05.4 (Maisiúcháin, bratuithe agus líonadh, seachas líonadh atá bunaithe ar thorthaí a chumhdaítear le catagóir 4.2.4), cuirtear isteach an iontráil maidir le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála maidir le E 423, Guma arabach arna mhodhnú le haigéad sucanach ocht-einile:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 5 000 | | |

’;

(o) i gcatagóir 06.3 (Gránaigh bhricfeasta), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(p) i gcatagóir 06.4.2 (Pasta tirim), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Grúpa I, Breiseáin:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | pasta saor ó ghlútan amháin (mar bhia a tháirgtear go speisialta chun cion glútain na gcomhábhar ina bhfuil glútan a laghdú nó chun na comhábhair ina bhfuil glútan a ionadú), agus pasta a cheaptar le haghaidh aistí bia hipeapróitéacha |

’;

(q) i gcatagóir 06.4.4 (Gnocchi prátaí), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 330, Aigéad citreach:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | seachas *gnocchi* prátaí úra agus iad cuisnithe |

’;

(r) i gcatagóir 06.4.5 (Líonadh le haghaidh pasta líonta (*ravioli* agus a leithéid), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(s) i gcatagóir 06.5 (Núdail), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(t) i gcatagóir 06.6 (Fuidrimh), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 5 000 | | |

’;

(u) i gcatagóir 07.1 (Arán agus rollaí), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | seachas táirgí in 7.1.1 agus 7.1.2 |

’;

(v) i gcatagóir 07.2 (Mínearraí báicéara), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(w) i gcatagóir 08.2 (Ullmhóidí feola mar a shainmhínítear le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 415, Guma xantáin:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | ullmhóidí a ndearnadh teaschóireáil orthu sula dtomhlaítear iad agus ina ndearnadh comhábhair a instealladh, agus na hullmhóidí sin amháin; ullmhóidí feola a ndearnadh teaschóireáil orthu sula dtomhlaítear iad agus atá comhdhéanta de chodanna feola a láimhsíodh ar bhealaí éagsúla: bíodh sin mionaithe, slisnithe nó próiseáilte, agus a chuirtear le chéile. Seachas *bifteki, soutzoukaki, kebap, gyros* agus *souvlaki* |

’;

(x) i gcatagóir 08.3.2 (Táirgí feola teaschóireáilte), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) roimh an iontráil a bhaineann le E 427, Guma cassia:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | seachas *foie gras, foie gras entier, blocs de foie gras, Libamáj, libamáj egészben, libamáj tömbben* |

’;

(aa) i gcatagóir 08.3.3 (Cásálacha agus bratuithe agus maisiúcháin le haghaidh feola), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 339, Fosfáití sóidiam:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(bb) i gcatagóir 09.2 (Iasc nó táirgí iascaigh próiseáilte lena n-áirítear moilisc agus crústaigh ), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) roimh an iontráil a bhaineann le E 450, Défhosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

’;

(cc) i gcatagóir 10.2 (Uibheacha próiseáilte agus táirgí uibhe próiseáilte ), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 20 000 | | |

’;

(dd) i gcatagóir 12.4 (Mustard), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) roimh an iontráil a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

’;

(ee) i gcatagóir 12.5 (Anraithí agus bratanna), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 10 000 | | |

’;

(ff) i gcatagóir 12.6 (Anlainn), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) tar éis na hiontrála a bhaineann le E 392, Eastóscáin maróis:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

’;

(gg) i gcatagóir 12.7 (Sailéid agus leathain neamh-mhilse le haghaidh ceapairí ), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 334-337 agus E 354, Aigéad tartarach – tartráití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

’;

(hh) i gcatagóir 12.9 (Táirgí próitéine, gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóir 1.8 a áireamh), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 338-452, Aigéad fosfarach – fosfáití – défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 80 000 | | |

’;

(ii) i gcatagóir 15.1 (Sneaiceanna bunaithe ar phrátaí, gránach, plúr nó stáirse), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 416, Guma karaya:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 10 000 | | |

’;

(jj) i gcatagóir 16 (Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh), cuirtear isteach an iontráil a bhaineann le E 424 (Curdlan) i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le E 416, Guma karaya:

‘

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 424 | Curdlan | 30 000 | | |

’.

## IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an mbreiseán bia E 423, GUMA ARABACH ARNA MHODHNÚ LE hAIGÉAD SUCANACH OCHT-EINILE:

‘

| **E 424 CURDLAN** | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | (1 → 3)-ß-d-Glúcan |
| **Sainmhíniú** | Is polaisiúicríd ardmheáchain mhóilínigh atá i gcurdlan, ina bhfuil aonaid ghlúcóis β-1,3-nasctha, a tháirgtear trí choipeadh saothráin íon ó thréithchineál NTK-u de bhithathraitheach 1 de *Rhizobium radiobacter* neamhphataigineach agus neamhthocsainigineach. Is éard atá i gcurdlan iarmhair ghlúcóis β-(1,3)-nasctha agus tá an t-airí neamhghnách aige glóthach leaisteach a dhéanamh nuair a théitear é ina fhuaidreán uiscí. Déantar curdlan amh a íonú trí roinnt céimeanna, lena n-áirítear tuaslagadh alcaileach agus criostalú i meatánól. Cuirtear an tuaslagán criostalaithe faoi réir céimeanna íonúcháin, i.e. lártheifneoiriú, níochán agus lártheifneoiriú arís eile. Ansin déantar an táirge a thriomú, a mheilt agus a chriathrú chun an táirge deiridh a fháil. |
| Uimhir CAS | 54724-00-4 |
| Foirmle cheimiceach | $H\cdot(C_6H_{10}O_5)_n\cdot OH$ |
| An mheanmhais mhóilíneach | Nach lú ná $1.4 \times 10^6$ Da |
| Measúnacht (arna ríomh mar ghlúcós ainhidriúil) | Nach lú ná 80 % |
| **Tuairisc** | Púdar gan bholadh nó beagnach gan bholadh, idir bán agus beagnach bán |
| **Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Dothuaslagtha in uisce agus in eatánól |
| Tuaslagthacht in alcaile | Pas sa tástáil<br>Cuir 0,2 g den sampla ar fuaidreamh in 5 mL d’uisce, cuir 1 mL de hiodrocsaíd sóidiam 3 N leis agus croith é. Tuaslagann an sampla. |
| Foirmiú glóthaí | Déan fuaidreán uiscí 2 % den sampla a théamh i ndabhach uisce fiuchaidh ar feadh 10 nóiméad agus fuaraigh é. Foirmítear glóthach measartha crua. |

| | |
|---|---|
| Déan an foirmiú a dheascadh le tartráit choprach | Pas sa tástáil |
| pH | Idir 6,0-7,5 (1 % fuaidreán uiscí) |
| Neart na glóthaí | Nach lú ná 600 $g/cm^2$ |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 10 % |
| Iarmhar ar adhaint | Nach mó ná 6 % |
| Luaith shulfáitithe | Nach mó ná 6 % |
| Nítrigin | Nach mó ná 0,3 % |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,2 mg/kg |
| Meatánól | Nach mó ná 10 mg/kg |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 1 000 ADC/g |
| Baictéir dhrólannacha | Neamhláithreach in 1 g |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 1 g |

’.